

## Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc

### Plean Uilescoile don S.E.N.

**Tá giorrúchán ar chuid de na téarmaí a úsáidtear sa doiciméad seo.**

**S.E.N:** Riachtanais Speisialta Oideachais

**S.E.N.O:** Riachtanais Speisialta Oideachais: Eagraí

**N.E.P.S:** An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

**N.R.I.T:** Triail Éirime Gan Léamh

**MIST:** Triail Scagtha na Naíonán Lár

**EA:** Cumas Eisceachtúil

**I.P.L.P:** Próifíl Indibhidiúil agus Clár Foghlama

**G.E.P:** Plean don Ghrúpoideachas

**D.E.A.R.:** Lig Leis agus Léigh

**W.R.A.T.:** Triail Fadréimseach Mórghníomhartha

### Suíomh

Is scoil lán-Ghaeilge Chaitliceach í Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc faoi phátrúnacht easpag Dheoise Chill Dara agus Leithghlinne. Tá 17 oide ranga inti, príomhoide riaracháin, beirt Chúntóir Riachtanais Speisialta, 3 múinteoir tacaíochta foghlama agus múinteoir acmhainne lánaimseartha amháin anseo. Faoi láthair tá 471 dalta sa scoil.

### Prionsabail agus Creidiúint:

Tacaíonn Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc leis na prionsabail agus leis an gcreidiúint atá léirithe maidir le tacaíocht foghlama de réir mar a leagtar amach sa cháipéis "**Treoiríníte don Tacaíocht Foghlama**" leathanach 14, agus glacaimid go hiomlán leo.

### Aidhmeanna:

Tacaímid leis na haidhmeanna atá in "**Treoiríníte don Tacaíocht Foghlama**" leathanach 15.

#### Fo-Aidhmeanna

- A chur ar chumas na ndaltaí seo páirt a ghlacadh i gcuraclam iomlán an ranga de réir na cumais atá iontu
- Féinmheas dearfach a fhoghlaim, agus dearcadh deimhneach maidir le scoil agus foghlaim a chothú i measc daltaí
- A chur ar chumas na ndaltaí seo monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus foghlaimeoirí neamhspleácha a dhéanamh astu
- Tacaíocht agus acmhainní breise sa Bhéarla agus/nó sa Mhata a chur ar fáil do dhaltaí
- Baint a bheith ag tuismitheoirí maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim a gcuid páistí, agus cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach bheith ann i measc thuismitheoirí agus múinteoirí
- Comhoibriú a éascú i measc mhúinteoirí agus iad ag cur na polasaithe uilescoile i bhfeidhm maidir le tacaíocht bhreise a chur ar fáil do pháistí áirithe
- Maolú/cosc a chur i bhfeidhm ar dheacrachtaí foghlama.

### Freagracht agus Róil Fhoirne

Déanfaidh na baill fhoirne ar fad teagmháil agus comhoibriú lena chéile lena chinntiú go mbeidh cur chuige uilescoile ag baint le tacaíocht foghlama.

### **Príomhoide**

- Bíonn an fhreagracht iomlán ar an bPríomhoide clár na tacaíochta foghlama a chur le chéile, é a chur i bhfeidhm, agus monatóireacht a dhéanamh air agus a leithéid a dhéanamh maidir le cláir scagtha ar scoil chomh maith.

Cuireann sí na múinteoirí ar an eolas maidir leis na seirbhísí seachtracha measúnachta atá ar fáil, agus tugann sí treoir agus tacaíocht ó thaobh na forbartha inghairme de.

### **Múinteoirí Ranga**

- Tá an fhreagracht phríomha ar an oide ranga maidir le dul chun cinn na ndaltaí ar fad atá faoina c(h)úram aige/aici.
- Bíonn an múinteoir ranga ag comhoibriú le múinteoir(í) tacaíochta foghlama ó thaobh scagadh agus tástáil a dhéanamh ar dhaltaí a mbeadh tacaíocht foghlama breise uathu.
- Bíonn an múinteoir ranga ag comhoibriú le múinteoir(í) tacaíochta foghlama ó thaobh clár oiriúnach foghlama a chur le chéile do na páistí a fhaigheann múinteoireacht bhreise, agus ó thaobh monatóireacht, agus athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir sin.
- Chomh maith leis sin déanann sé/sí idirdhealúchán a chur i bhfeidhm ar an gcuraclam agus ar ghníomhaíochtaí le freastal ar riachtanais na ndaltaí sin agus déanann sé/sí taifead den idirdhealúchán seo.
- Déanann sé/sí pleananna a chur le chéile do na daltaí sin a léirigh trí thástáil go raibh deacrachtaí sainiúla foghlama acu, ach nach bhfuil gá láithreach le tacaíocht foghlama bheith acu. Cuirfidh na Múinteoirí Tacaíochta Foghlama treoir agus cabhair ar fáil de réir mar is gá.

### **Múinteoirí Tacaíochta Foghlama.**

- Cuireann na múinteoirí tacaíochta foghlama le forbairt na bpolasaithe uilescoile agus le forbairt an pholasaí tacaíochta foghlama ach go háirithe.
- Cuireann siad comhairle ar fáil do na múinteoirí ranga agus tacaíonn le cinntí maidir le leabhair, acmhainní agus ábhar a cheannach a bheadh oiriúnach do pháistí a bhfuil difríochtaí foghlama ag baint leo.
- I gcomhar leis na múinteoirí ranga cuireann siad nósanna imeachta i bhfeidhm ó thaobh daltaí a roghnú le go gcuirfí tacaíocht foghlama ar fáil dóibh, agus súil á choimeád acu ar an bpróiseas céimithe seo.
- I gcomhar leis na múinteoirí ranga agus leis na tuismitheoirí, cuireann siad próifíl den pháiste le chéile. Ceapann an fhoireann tacaíochta foghlama clár foghlama ansin a d'oirfeadh do na daltaí a mbíonn tacaíocht bhreise á fháil acu.
- Déanann siad an mhúinteoireacht sin, agus iad ag díriú ar na ranganna sóisir ach go háirithe, ag déanamh monatóireachta agus athbhreithniú ar dhul chun cinn i gcomhar leis na múinteoirí ranga agus na tuismitheoirí.
- Comhordaíonn siad cláir ar nós an chláir comhroinnte Mata “Mata le Chéile” Rang 2), an clár phiarchuidithe “Cairde ag Léamh”(Rang 5/1, Rang 4/Naí Mhóra) an clár léitheoireachta comhroinnte C.A.P.E.R. (Rang 1, Naíonáin Mhóra), Primary Movement (Rang 1/3 ), “Stretchers”, (Mata/litearthacht) Mata 3/6.

### **Freagracht na nDaltaí**

Is tábhachtach an rud é go mbeadh páirt ag na daltaí i gceapadh, i gcur i bhfeidhm agus in athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid cúrsaí foghlama féin. Trína leithéid a dhéanamh is féidir leo:  
Bheith neamhspleách mar fhoghlaimoírí;  
Aithne a chur ar stíleanna éagsúla foghlama,  
Bheith feasach faoina neart agus a laigí féin;  
Taitneamh a bhaint as bheith faoi rath agus dul chun cinn a mheas;  
Máistreacht a fháil ar na scileanna agus ar na straitéisí a d'fhoghlaim siad i ranganna tacaíochta foghlama agus na scileanna agus na straitéisí sin a chur i bhfeidhm i rith ranganna príomhshrutha.

### **Freagracht an Bhoird Bainistíochta**

Bíonn freagracht ar an mBord Bainistíochta maidir le cur i bhfeidhm leathan an pholasaí seo, agus ó thaobh deimhin a dhéanamh de go mbíonn gach aon acmhainn ag an scoil ionas gur féidir an polasaí a chur i bhfeidhm ar bhealach lánbhrí.

### **Soláthar Inmheánach na Tacaíochta Foghlama** **Straitéis Choiscthe**

Bíonn cur chuige uilescoile ann i dtaobh cosc a chur ar dheacrachtaí litearthachta agus uimhearthachta.

Tuigtear gur gá gníomhaíochtaí éiritheacha a chur ar fáil i measc na ranganna naíonán, rud atá lárnach le cosc a chur ar dheacrachtaí foghlama. Bíonn fócas nach beag ar fhorleathnú a dhéanamh ar obair ó bhéal. Déantar an léamh comhoibríoch a chur ar aghaidh trí na leabhair mhóra a bheith in úsáid sna ranganna sóisearacha. Bíonn na ranganna níos airde ná sin ag glacadh páirte in aghaidh an lae sa scéim D.E.A.R.: Lig Leis agus Léigh.

Leantar clár céimithe don fheasacht fhóineolaíoch ar fud na scoile. Déanann na Naíonáin agus Rang 1 an clár Jolly Phonics a fhoghlaim.

Tá réimse leathan d'ábhar agus de ghníomhaíochtaí matamaiticiúla ar fáil le húsáid ar fud na scoile.

### **Straitéis don Luathidirghabháil**

Is cuid lárnach den pholasaí tacaíochta foghlama uilescoile é go mbeadh luathidirghabháil ann. Tugtar tosaíocht do na daltaí ó na ranganna is ísle ar scoil, ó thaobh grúpáil a dhéanamh agus am a thabhairt dóibh, agus araile. Is gnách go mbíonn ceathrar nó níos lú ná sin i ngach aon ghrúpa. Cuirtear an idirghabháil i bhfeidhm thar dhá ráithe theagaisc. Cuirtear tacaíocht ar fáil i seomra ranga na ndaltaí féin más gá.

Bíonn fócas nach beag ar fhorleathnú a dhéanamh ar obair ó bhéal agus ar an obair a cheanglaítear leis seo ó thaobh éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh a dhéanamh.

Bíonn baint ag na múinteoirí tacaíochta foghlama, ag na múinteoirí ranga, ag an bpáiste féin agus ag na tuismitheoirí leis na cláir luathidirghabhála seo.

Bíonn breathnóireacht leanúnach ar siúl sna ranganna naíonán ionas gur féidir éagsúlachtaí foghlama a aithint chomh luath agus is féidir. Tar éis dóibh an triail MIST a chur i bhfeidhm, glacann na múinteoirí tacaíochta foghlama leis na páistí sin a mbíonn idirghabháil bhreise uathu, chun an clár 'Forwards Together' a leanúint.

Spreagtar na tuismitheoirí le go nglacfaidís páirt go foirmiúil agus go neamhfoirmiúil san obair seo. Cuirtear cláir mar an clár léitheoireachta comhroinnte i bhfeidhm leis na Naíonáin Mhóra agus le

Rang 1, chomh maith le plé bheith á dhéanamh sa bhaile mar gheall ar leabhair éagsúla, agus na tuismitheoirí bheith ag léamh os ard don chlann. Tá cead ag na mic léinn leabhair a bheith ar iasacht acu ó leabharlann na scoile. Glacann Rang 2 páirt i gclár comhroinnte matamaitice.

Cothaítear atmaisféar dearfach i dtaobh na léitheoireachta ar scoil. Bíonn imeachtaí éagsúla ann i rith na bliana le go spreagfaí na daltaí chun léimh, m.sh. cuairteanna chun na leabharlainne, aonach na leabhar, díritear aire ar "**Mí Léitheoireachta**", Lig Leis agus Léigh M.S. Readathon, cuairteanna ó scríbhneoirí chun na scoile, rudaí a chabhraíonn leis an léamh.

Cothaítear an nós bheith ag léamh le taitneamh a bhaint as, agus tá an scoil tiomanta i dtreo réimse leathan leabhar leabharlainne a chur ar fáil i leabharlann na scoile agus sna seomraí ranga chomh maith, agus cuirtear go rialta leis an soláthar leabhar.

Déantar teagasc foirne sa Mhata le Rang 1. Tá coimítmint ag an fhoireann teagaisc bheith ag saothrú chun timpeallacht shaibhir mhataimaiticiúil a sholáthar ar scoil.

## **Difreáil**

Is éard is brí le difreáil ná, na straitéisí éagsúla a bhíonn in úsáid ag múinteoirí a chuirfeadh ar chumas ghrúpaí mac léinn a mbíonn sainchomharthaí éagsúla foghlama ag baint leo, páirt a ghlacadh i gclár na scolaíochta príomhshrutha.

*(Westwood, 2003, l.202)*

Is éard is brí le difreáil ná an bealach ina ndéanann an múinteoir an t-ábhar, na gníomhaíochtaí, modheolaíocht agus acmhainní a athrú nuair a bhíonn réimse suimeanna, riachtanais agus taithí na ndaltaí á cur san áireamh. Sa phróiseas seo bíonn deis ann, modh an cur i láthair churaclaim a athrú ó thaobh luais, leibhéil agus inneachair de, ionas gur féidir a chinntiú go mbeidh eispéireas foghlama oiriúnach ann don uile dhalta. Is ríthábhachtach an rud é go ndéanfaí freastal ar an dúshlán a chruthaítear i measc na ndaoine a bhfuil riachtanais oideachais ar leith acu.

*(NCAA 2002, Draft Guidelines for Teachers of Students with Mild General Learning Disabilities, l.20)*

## **Pleanáil don Difreáil**

Roghnaigh an topaic atá le múineadh

Déan an t-ábhar sonrath atá le bheith istigh a aithint

Leag síos na spriocanna agus na cuspóirí foghlama a bheadh ann do thromlach na mac léinn sa rang

Socraigh ar an saghas cur chuige a bheadh in úsáid le haghaidh tromlach na mac léinn sa rang

Déan na daltaí sin a aithint a mbeadh gá le hathruithe a dhéanamh do ghnáth- leagan amach an cheachta le freastal orthu

Déan na hathruithe riachtanacha a ullmhú

Déan an ceacht a mhúineadh, agus athraigh é athuair, de réir mar is gá i rith an teagaisc

Cuir cabhair bhreise ar fáil do dhaltaí áirithe nuair a bhíonn an ceacht ag dul ar aghaidh. Déan pleanáil ar bhealaí oiriúnacha chun measúnú a dhéanamh ar a d'fhoghlaim na páistí, pleanáil a bheadh bunaithe ar aidhmeanna agus ar chuspóirí an cheachta.

Nuair a bhíonn na cuspóirí difreáilte á phleanáil, is maith an rud é tús abairtí mar seo a thabhairt chun cuimhne:

Beidh ar chumas na ndaltaí uile...

Beidh ar chumas roinnt de na daltaí...

B'fhéidir go mbeadh ar chumas cuid de na daltaí...

Cabhraíonn abairtí mar seo leis an múinteoir, an buneolas riachtanach a d'fhoghlaimedh na daltaí ar fad trí ghníomhaíochtaí difreáilte a aithint.

Beidh ar chumas chuid de na daltaí níos mó ná seo a fhoghlaim.

Beidh corrdhuine ábalta gníomhaíochtaí sínithe a úsáid le breis foghlama a dhéanamh.

## **Mionathrú ar Ábhar an Churaclaim**

- Bíonn níos lú ábhar le foghlaim ag mac léinn má bhíonn deacrachtaí foghlama aige/aige
- Bíodh sé níos fusa dóibh tascanna agus gníomhaíochtaí a chríochnú
- Bíodh níos mó ábhar agus ábhar níos doimhne le déanamh ag na mic léinn cumasacha
- Braithfidh nádúr na dtascanna foghlama a chuirtear roimh dhaltaí, ar an gcumas atá iontu, agus ar an ráta foghlama a bhaineann leo seo
- Is féidir ábhar difreáilte a chur ar fáil don obair thinteáin, mar bhealach amháin le freastal ar riachtanais pháistí de réir a gcumas.

### **Difreáil ó thaobh Acmhainní de**

Bíodh caint sothuigthe in úsáid  
 Cuir léaráidí agus léirithe ar fáil  
 Bain aon mhionsonra nach gá bheith ann  
 Má bhíonn freagra á lorg ó dhaltaí, tabhair leid nó nod dóibh.

### **Athrú ar Theagasc**

Beidh athruithe á gcur i bhfeidhm ar pholasaithe foghlama agus múinteoireachta de bharr na difreála bheith in úsáid. Is féidir úsáid a bhaint as roinnt de na straitéisí thíos:  
 Tugadh an múinteoir níos mó nó níos lú cabhair ná an meán do dhaltaí áirithe, de réir riachtanais  
 Déanadh an múinteoir athmhúineadh ar choincheapa áirithe do pháistí ar leith, agus caint shimplí agus breis samplaí bheith in úsáid  
 Bíodh leibhéil deacrachta éagsúla ar na ceisteanna a gcuirtear ar pháistí éagsúla i rith cheachta  
 Déanfar monatóireacht níos grinne ar obair pháistí áirithe i rith an cheachta  
 Baineadh an múinteoir feidhm as teaicicí áirithe le haire dhaltaí a fháil, agus le spreagadh a thabhairt, agus suim leanúnach a mhúscailt iontu san a mbeadh ar bheagán inspreagadh  
 Is féidir aischothú simplí nó aischothú casta a thabhairt do dhaltaí, de réir riachtanais  
 Is féidir maolú nó géarú ar an ráta oibre a bhíonn á lorg ó dhaltaí agus breis ama a chur ar fáil do dhaltaí áirithe le go gcríochnófaí tascanna  
 Is féidir obair shínithe nó obair neamhspleách a leagadh amach do na daltaí cumasacha.

<b>Cur Chuige Céimithe le Freastal ar Riachtanais na nDaltaí a Bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Orthu</b>		
<b>Breathnóireacht</b>	<b>Próiseas</b>	<b>Pearsanra Gafa</b>
<b>Céim 1</b> Buairt ar oide ranga/tuismitheoir/maidir le dul chun cinn acadúil, fisiceach, sóisialta, mothúchánach nó iompar pháiste	Cuireann an t-oide ranga bearta scagtha oiriúnacha i bhfeidhm. Ceapann an t-oide ranga plean simplí a thabharfadh aghaidh ar riachtanais an pháiste taobh istigh de shuíomh normálta an ranga. Déantar éifeacht an phlean a mheas i gcomhairle leis na tuismitheoirí.	<i>Oide Ranga Tuismitheoir Tacaíocht Bhreise ar Fáil Príomhoide Múinteoirí Tacaíochta Foghlama Síceolaí NEPS</i>
<i>Má bhíonn buairt ann tar éis athbhreithnithe, téann an t-oide ranga i gcomhairle leis an fhoireann tacaíochta foghlama agus leis na tuismitheoirí, agus d'fhéadfaí dul ar aghaidh go chéim 2 dá bharr</i>		
<b>Céim 2</b> Cuirtear an páiste ar aghaidh, le cead ó na tuismitheoirí, chuig an múinteoir tacaíochta foghlama.	Déanann an t-oide ranga, na tuismitheoirí agus an múinteoir tacaíochta ranga clár foghlama don pháiste a cheapadh agus a chur i bhfeidhm, agus athbhreithniú a dhéanamh air ina dhiaidh sin.	<i>Oide Ranga Tuismitheoir Foireann Tacaíochta Foghlama Tacaíocht Bhreise ar Fáil: HSE Síceolaí NEPS</i>
<i>Má bhíonn buairt shontasach ann tar éis athbhreithnithe, seans go mbeadh gá ann dul go Céim 3</i>		
<b>Céim 3</b> Iarrann an scoil go foirmeálta ar shaineolaí ón taobh amuigh seisiún comhairliúcháin a chur ar fáil don dalta, agus measúnú riachtanas a sholáthar más gá.	Cuireann an pearsanra atá bainteach leis, plean foghlama le chéile, plean a d'aithneodh acmhainní breise infhaighte a bheadh de dhíth orthu chun é a chur i bhfeidhm. Ba cheart na tuismitheoirí a thabhairt isteach i ngach aon ghné den phróiseas. Ba cheart go ndéanfaí athbhreithniú rialta ar an bplean oibre seo, agus athruithe a dhéanamh ar an bplean foghlama nuair a bheidh sé oiriúnach a leithéid a dhéanamh.	<i>Oide Ranga Tuismitheoir Foireann Tacaíochta Foghlama Saineolaí Ábhartha Tacaíocht Bhreise ar Fáil Síceolaí NEPS Teiripeoir Urlabhra agus Teanga Teiripeoir Saothair Síciatraí Péidiatraí Teiripeoir Ealaíne 7rl.</i>

Má tharlaíonn go n-aithnítear go bhfuil riachtanais speisialta suntasacha oideachais ar pháiste go luath ina s(h)aol beidh idirghabháil ag Céim 3 le cur i bhfeidhm chomh luath agus a thagann an duine sin ar scoil.

Is cuid riachtanach é de chlár foghlama ar bith a chuirtear le chéile do dhaltá den chineál sin go mbeadh tacaíocht le fáil acu sa seomra ranga, agus beidh an fhreagracht príomhúil chuige seo ar an oide ranga, ach iad ag dul i gcomhairle leis na múinteoirí tacaíochta foghlama.

## **Soláthar agus Tuairisciú**

*Aithint agus Roghnú Dhaltaí don Tacaíocht Foghlama.*

Roghnaítear daltaí do na ranganna tacaíochta foghlama de bharr na dtorthaí ó na trialacha caighdeánaithe, agus de bharr tuairimí an oide ranga, **agus aird cheart á thabhairt ar an bpróiseas céimithe.**

Déanann an t-oide ranga na daltaí ó Rang 1 go Rang 6 a chur faoi scrúdú in aghaidh na bliana le trialacha caighdeánaithe sa Mhata agus sa léitheoireacht. Cuirtear an triail MIST ar pháistí i rith ráithe 5 ar scoil dóibh. Déantar an triail NRIT a chur ar dhaltaí Rang 2 agus Rang 4.

Is é seo an nós imeachta a leantar má bhíonn daltaí le roghnú don tacaíocht foghlama:

Tugtar tús áite do dhaltaí a fheidhmíonn ar nó faoi bhun faoi bhun STEN 3 sa léamh.

Bíonn tosaíocht ina dhiaidh sin ag daltaí a fheidhmíonn ar nó faoi bhun faoi bhun STEN 3 sa Mhata.

Má aithníonn an t-oide ranga, na tuismitheoirí agus an fhoireann tacaíochta foghlama ó bheith i gcomhar lena chéile go bhfuil páistí eile ann a mbeadh teagasc tacaíochta uathu, de bharr thosca iompair, nó mothúchánach nó a leithéidí, is féidir an tacaíocht sin a chur ar fáil.

Is féidir go dtabharfaí teagasc breise tacaíochta do dhaltaí ardchumais litearthachta nó uimhearthachta de bharr torthaí ó na trialacha caighdeánaithe agus i gcomhar leis an oide ranga agus na tuismitheoirí.

Is féidir go dtabharfaí teagasc breise tacaíochta do dhaltaí ardchumais, iadsan ar ghlac an CTYI leo nó daoine a aithníodh trí mheasúnú síceolaíochta.

Téitear i gcomhairle leis na tuismitheoirí agus lorgaítear cead scríofa le leanúint ar aghaidh leis an teagasc breise.

Má dhiúltaíonn tuismitheoirí go dtabharfaí tacaíocht foghlama do pháiste atá ar nó faoi bhun STEN 3 iarrfar orthu séanadh ina leith a shíniú agus coimeádfar an séanadh i gcroinicí na scoile.

Tá Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina spreagfar gach aon mhac léinn chun foirfeachta de réir chumais, agus aithnítear go soiléir go bhfuil aon mhac léinn a mbíonn cumas eisceachtúil ag baint leis nó léi i measc na ndaoine sin.

Tabharfar aire do pháistí atá eisceachtúil ar bhreis agus bealach amháin. Tuigimid gur féidir le difríochtaí foghlama ar nós disléicse, cumas ceart an pháiste a cheilt.

Leanfaimid orainn ag saibhriú cur chun cinn an oideachais i gcás iomlán na ndaltaí anseo, chomh fada agus is féidir, trí chlár oiriúnach churaclaim a chur ar fáil, agus trí straitéisí oiriúnacha oideachais bheith in úsáid, agus trí éiteas a chothú ina mbeidh deis ag daoine barr foirfeachta a sroicheadh.

## **Tacaíocht Foghlama á Chur ar Fáil**

I gcomhar leis na tuismitheoirí agus leis na hoidí ranga, leagtar amach réimse ghníomhaíochtaí tacaíochta foghlama sa GEP (Plean an Ghrúpa Oideachais) le freastal go héifeachtach ar riachtanais an pháiste.

Tugtar tús áite de ghnáth do pháistí níos óige sa mhéid is go dtugtar breis ama teagmhála dóibh, níos mó ranganna foirmiúil agus araile. Bíonn grúpaí ag obair leis an múinteoir tacaíochta foghlama ar feadh thréimhsí 30 nóiméad.

Déantar monatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn na ndaltaí i gcomhar leis na hoidí ranga agus na tuismitheoirí, agus déantar athbhreithniú ar fhorás pháistí ag deireadh gach ráithe theagaisc.

Bíonn an fhreagracht ar na múinteoirí tacaíochta foghlama maidir leis an líon daoine a bheadh i ngrúpa a shocrú, agus riachtanais na leanaí, agus an riar iomlán á chur san áireamh.

Is féidir múineadh aon le haon a chur ar fáil mura mbíonn éifeacht leis an teagasc i ngrúpaí beaga nó é a chur ar fáil do pháistí a mbeadh ráta ard difríochtaí foghlama ag baint leo i gcás na disléicse mar shampla, ag brath ar an riar iomlán.

## **Socrú Amchláir**

Is rud breise ar ghnáthmhúinteoireacht an ranga sa Bhéarla agus sa Mhata í an mhúinteoireacht tacaíochta. Déantar iarracht féachaint chuige nach gcaillfidh daltaí amach ar an réimse oibre churaclaim céanna gach uair a bhíonn siad ag freastal ar ranganna tacaíochta. D'fhéadfadh an cur ar fáil tacaíochta seo bheith á thabhairt sa rang féin, nó/agus á thabhairt do pháistí a bhainfí ón seomra ranga. Déanfaidh an múinteoir tacaíochta foghlama agus an t-oide ranga an tacaíocht sa rang a cheapadh le chéile má bhíonn sé oiriúnach, agus déanfaidh siad beirt an mhonatóireacht ar an teagasc.

## **Leanúint le / Scoir den Mhúinteoireacht Tacaíochta**

Déanfar athbhreithniú ar dhul chun cinn an duine aonair ag deireadh gach ráithe theagaisc. Nuair a éiríonn le dalta na spriocanna foghlama a bhí roimpi/roimhe mar a leagadh amach sa chlár oibre a bhaint amach, is féidir scoir den mhúinteoireacht bhreise má aontaíonn an t-oide ranga agus na tuismitheoirí lena leithéid, agus tar éis tástáil oiriúnach a chur i bhfeidhm.

I measc na gcritéar a bhainfeadh le cinneadh mar seo chuirfí ceist:

Ar éirigh leis an dalta na spriocanna foghlama, nó cuid acu a bhaint amach?

An mbeidh ar chumas an pháiste foghlaim go héifeachtach i gcomhthéacs an ranga?

Má tharlaíonn go dtuigtear ag deireadh tréimhse tacaíochta múinteoireacht gur ceart leanúint leis an mhúinteoireacht bhreise, caithfear athruithe a chur i bhfeidhm ar an gclár oibre de réir mar is gá.

Cuirfear san áireamh chomh maith, riachtanais iomlán na tacaíochta foghlama ar fud na scoile i gcás mar seo.

Sula ndéanfaí scoir ar mhúinteoireacht tacaíochta, bheadh teagmháil leis na tuismitheoirí, ionas go bhféadfaí an leibhéal leanúnach tacaíochta cuí a bheadh á chur ar fáil don dalta a phlé.

Nuair a bhíonn dalta ar scoir ón tacaíocht foghlama, leanann an fhoireann tacaíochta foghlama ag déanamh monatóireachta go rialta ar an dul chun cinn, i gcomhar leis an múinteoir ranga.

## **Coimeád Taifead**

Coimeádann na múinteoirí tacaíochta foghlama taifead de na torthaí a bhaineann leis na trialacha measúnaithe diagnóiseacha, de na cláir oibre agus de dhul chun cinn na ndaltaí uile. Coimeádtar liosta de na daltaí a bhíonn ag freastal ar na ranganna tacaíochta chomh maith.

Coimeádann An M. Móna cóip chrua de thorthaí na dtástálacha caighdeánaithe a thugann an t-oide ranga do na mic léinn. Bíonn cóip de thorthaí na dtástálacha caighdeánaithe i dtrodán indibhidiúil an mhic léinn chomh maith, agus coimeádann an t-oide ranga i dtaisce go slán iad. Tugtar torthaí na dtástálacha caighdeánaithe do thuismitheoirí i bhfoirm STEN, i dtuairiscí scríofa agus ó bhéal, agus míniú oiriúnach tugtha ar na torthaí.

## **Straitéisí Cumarsáide**

Déantar cruinniú a eagrú ina nglacann tuismitheoirí na bpáistí ón rang 'Naíonáin Bheaga' páirt leis an bPríomhoide agus leis an bPríomhoide Ionaid, sula dtagann na leanaí sin ar scoil i dtosach báire, chun polasaithe na scoile a mhíniú agus léargas a thabhairt ar conas a d'fhéadfadh tuismitheoirí agus múinteoirí comhoibriú lena chéile ar mhaithe le leas an pháiste.

Tuismitheoirí a choimeád ar an eolas má bhíonn buairt faoi dhul chun cinn ar scoil.

Is rud riachtanach lárnach é an comhoibriú i measc mhúinteoirí tacaíochta, oidí ranga, tuismitheoirí agus daltaí le cinntiú go mbeadh éifeacht ar an mhúinteoireacht tacaíochta ar fud na scoile.

Moltar go láidir do na tuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an oide ranga agus/nó leis an múinteoir tacaíochta foghlama má thagann deacrachtaí chun solais. Má lorgaítear cruinniú dá leithéid, is gnách go mbíonn an múinteoir tacaíochta foghlama agus an t-oide ranga i láthair.

Déanann an scoil gach iarracht, chomh fada agus is féidir, eolas breise a sholáthar do thuismitheoirí maidir le difríochtaí sainiúla foghlama, siondróim mheasta 7rl de réir mar a oireann.



Baintear úsáid as cártaí molta, nótaí deimhneacha sa dialann nó ar an taifead léitheoireachta, teastais oilteachta, duaiseanna beaga, glaonna fóin, greamáin agus a leithéidí le dea-obair a chur in iúl do thuismitheoirí agus le spreagadh a thabhairt d'fhéinmheas na ndaltaí a bhíonn ag freastal ar ranganna tacaíochta.

### **TFC**

Bíonn ríomhairí agus clóire ar fáil sna seomraí tacaíochta, toisc go dtuigimid an acmhainneacht a bhaineann le TFC chun na deiseanna foghlama a shaibhriú i measc dhaltaí le riachtanais speisialta. Baineann daltaí a mbíonn riachtanais shainiúla scríbhneoireachta, léitheoireachta, agus uimhearthachta orthu, chomh maith le daltaí a bhfuil cumas thar an meán ag baint leo, úsáid as an TFC le taithí mhalartach agus comhlántach a fháil ó thaobh an oideachais de. Baineann na múinteoirí tacaíochta foghlama úsáid as cláir ar nós Numbershark, Wordshark, Oxford Reading Tree CDs, Lexia, Speedy Keys, Accelerad, Jolly Phonics, ARROW agus ó shuíomhanna ar nós [www.starfall.com](http://www.starfall.com), [www.seomraranga.com](http://www.seomraranga.com) agus [www.senteacher.org](http://www.senteacher.org). Baineann an fhoireann tacaíochta foghlama úsáid chomh maith as liosta seoltaí CMÉ don oide tacaíochta, agus as fóraim ar nós [www.giftedkids.ie](http://www.giftedkids.ie).

Tá clár bán idirghníomhach i ngach aon rang príomhshrutha, agus ríomhaire glúine le húsáid ag an oide ranga.

### **Liosta Trialacha Diagnóiseacha/Scagtha atá ar Scoil.**

**Aston Index** – agus tá Léamh agus Litriú Schonell istigh leis

**MIST**

**Jackson Get Reading Right** – Trialacha indibhidiúla fónacha

**NRIT** – Triail Éirime Gan Léamh – Do Ghrúpaí

**Dolch Sight Vocabulary** 220 focal

**100 focal is minice a úsáidtear sa léitheoireacht**

**100 focal is minice a úsáidtear sa litriú**

**Triail Scagtha Disléicse** – Triail indibhidiúil

**Triail Scagtha Luath Disléicse** – Triail Léitheoireachta indibhidiúil

**Rianaire don Mhata 1-6** – triail indibhidiúil ar ríomhaire, bunaithe ar churaclam na hÉireann

**S.T.E.E.R.** Triail scagtha a chuirfeadh le hacmhainní oideachais, don duine aonair, tá deich bhfothrialacha leis

**B.I.A.P.** Clár measúnaithe Belfield le haghaidh naíonáin

**R.A.I.N** Triail léitheoireachta na habairte aonair

**W.R.A.T.** Triail Fhadréimseach Mórghníomhartha uimhearthacht agus léitheoireacht don duine aonair

**Westwood Ballard** Triail ama do ghrúpa nó don duine aonair bunaithe ar fhórais uimhris

**Léamh Dhroim Conrach** ó Ranganna 1 - 6

**Mata Dhroim Conrach** ó ranganna 1- 6

## **POLASÁÍ MÚINTEOIREACHTA TACAÍOCHTA**

### **RÉASÚNAÍOCHT**

An cuspóir atá roimh an bpolasaí seo ná treoir phraiticiúil a sholáthar do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do dhaoine ábhartha eile faoin mbealach ina gcuirfí tacaíocht éifeachtach foghlama ar fáil do pháistí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, nó riachtanas speisialta eile orthu, agus chun feidhmiú de réir na hoibleagáide atá orainn faoin acht Oideachais 1998.

### **Sainmhíniú ar Riachtanais Speisialta**

Is éard is brí le riachtanais speisialta ná an sainmhíniú a dtugtar sna ciorcláin ón RES. Déanfar idirghabháil i measc dhaltaí ar an mbealach is fearr le freastal ar na riachtanais a aithníodh, bíodh sé sin ó thaobh múinteoireachta le grúpaí nó le daoine aonair.

### **Aithint agus Roghnú na nDaltaí a mBeadh Riachtanais Speisialta acu**

Bíonn buairt ann faoi dhaltaí áirithe ar chúiseanna éagsúla:  
Cuireann thuismitheoirí in iúl don phríomhoide nó don oide ranga go bhfuil buairt orthu faoi pháiste. Bheadh oidí ranga ann a mbeadh buairt orthu faoi pháiste sa seomra ranga acu. Ardaítear ceisteanna de bharr na dtorthaí ó thástáil chaighdeánaithe.

### **Leantar na Nósanna Imeachta Seo:**

I gcomhar leis na múinteoirí agus na thuismitheoirí atá i gceist, lorgóidh an SET measúnú oiriúnach trí N.E.P.S nó trí ghníomhaireachtaí eile.

Tugann An tAcht Oideachais (Leas) 2000 údarás don Bhord Bainistíochta le cead ón thuismitheoir go ndéanfaidh aon duine oiriúnach (dar leis an mBord agus an thuismitheoir) measúnú a dhéanamh ar chumas intleachtach, fisiceach, agus mothúchánach pháiste. (Roinn 10-4)

Má dhiúltaíonn an thuismitheoir cead a thabhairt don Bhord, is féidir leis an mBord a iarraidh ar an gCúirt Chuarda ordú a sholáthar go ndéanfaí an measúnú ar an bpáiste. (Roinn 10-5)

### **Aidhmeanna an Teagaisc Tacaíochta**

Is iad aidhmeanna an teagaisc tacaíochta ná:

Tacaíocht a chur ar fáil de réir mar is féidir le go ndéanfaí an dalta le riachtanais speisialta a thabhairt isteach i gcomhthéacs an oideachais príomhshrutha.

Féinmheas dearfach agus dearcadh deimhneach i leith na scolaíochta agus an oideachais a chothú sa pháiste.

Comhoibriú a spreagadh i measc na foirne ó thaobh na polasaithe uilescoile riachtanais speisialta a chur i bhfeidhm.

### **Próifíl Indibhidiúil agus Clár Foghlama**

Déanfar Próifíl Indibhidiúil agus Clár Foghlama sonrath a chur le chéile le haghaidh an uile dhalta a fhaigheann uaireanta tacaíochta faoin gcóras riartha íosmhinicíochta. Léireoidh an Phróifíl Indibhidiúil agus Clár Foghlama neart agus riachtanais an pháiste. Déanfar é a nascadh leis an gcuraclam agus díreoidh sé ar spriocanna soiléire ábhartha. Baineann na múinteoirí úsáid as teimpléad na scoile chuige seo.

Sula mbeadh cruinniú ar bith ann leis na daoine ábhartha a chuirfeadh Próifíl Indibhidiúil agus Clár Foghlama le chéile, cuirfear bileog réamhphleanála abhaile a spreagfadh na thuismitheoirí chun machnaimh mar gheall ar riachtanais an pháiste agus mar gheall ar ábhair bhuartha eile.

## **Ról an Oide Acmhainne**

Is é ról an oide acmhainne é ná tacaíocht a chur ar fáil do na daltaí le riachtanais speisialta trí: Próifíl Indibhidiúil agus Clár Foghlama a chur le chéile don uile pháiste, i gcomhar leis na páirtithe eile oideachais.

Measúnú a dhéanamh ar riachtanais agus ar dhul chun cinn an dalta.

Dalta a theagasc go díreach sa rang príomhshrutha nó i seomra ar leith.

Comhairle a chur ar an oide ranga maidir le hathruithe a chur i bhfeidhm ar an gcuraclam, ar straitéis mhúinteoireachta, ar théacsleabhair, ar T.F.C. agus ar chúrsaí eile den chineál sin.

Bualadh le tuismitheoirí agus comhairle a chur orthu de réir mar is gá, agus an t-oide ranga ina dteannta más gá.

Comhoibriú le daoine profisiúnta ábhartha ar mhaithe leis an bpáiste, m.sh. síceolaithe, agus teiripeoirí teanga agus urlabhra, agus le múinteoirí ar cuairt.

Braithfidh an méid ama a dtugtar in aghaidh an pháiste ar éileamh a bheadh ar an tseirbhís, agus ar na huaireanta a bheadh ceadaithe ag an SENO.

## **Critéir Ratha**

Nuair a chuirtear an polasaí seo i bhfeidhm go forleathan ar fud na scoile is é an toradh a bheidh ann ná cúrsaí foghlama na mac léinn a fheabhsú ar na bealaí seo leanas:

Fás ar fhéinmheas agus ar fhéinmhuinín na ndaltaí.

Caighdeáin ardaithe ó thaobh na gnóthachtála acadúla de, trí na cláir foghlama aonair bheith i bhfeidhm.

Scoir den tacaíocht foghlama de bharr torthaí dearfacha na dtrialacha measúnaithe a éascú.

Baint bhreise bheith ag tuismitheoirí le tacaíocht a chur ar fáil do riachtanais foghlama a gcuid páistí.

Deiseanna breise a chur ar fáil le go mbeadh cumarsáid éifeachtach ann i measc pearsanra na scoile maidir le dul chun cinn na mac léinn.